Paróiste an Fheirtéaraigh

Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain,
Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach
Fógraí na Seachtaine 21 -27 Samhain 2026

Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 22 Samhain ag 9.00rn
Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 22 Samhain ag 10.00rn
Intinn: Seán Ó Muircheartaigh, Riasc, C.B. agus a bhean céile Siobhán agus na siúracha Bríd agus Máire Ní Mhuircheartaigh, atá ar shlí na fírinne.

Séipéal na Carraige, Dé Sathairn, 28 Samhain ar a 7.30rn.
Intinn: **1.** Edna Uí Chinnéide, Baile an Mhórdhaigh, agus a fear céile, Caoimhín, agus a muintir go léir atá ar shlí na fírinne.
2. Eoghan agus Máire Ní Mhuircheartaigh, Corraghráig, C.B.
Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 29 Samhain ar a 10.00rn

Guí an Phobail
Na daoine luaite ar Liostaí na Samhna agus na mairbh go léir.
Joan Moran, An Daingean agus Londain, a fuair bás le déanaí.
Mary Margaret Uí Ghearailt, (Ruiséal), An Daingean agus Bóthar Buí, C.B.

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo –
An tAthair Micheál Ó Muimhneacháin
087-6551902



Aifrinntí i rith na seachtaine
Séipéal Naomh Uinseann
Dé Luain 9.30rn, Déardaoin 9.30rn.
Séipéal na Carraige
Dé Máirt 9.30rn, Dé hAoine **6.00in**

Beidh cheiliúradh i Séipéal Naomh Uinseann do Shollúin Chríost Rí, Dé Domhnaigh, 22 Samhain, beidh Adhradh óna 2.00-5.15in agus Uair Bheannaithe óna 3.00-4.00in le paidreacha speisialta.

Ofráil an Fhómhair agus Aifrinntí na Samhna dos na Mairbh

Tá na clúdaigh do Ofráil an Fhómhair agus Aifrinntí na Samhna dos na Mairbh curtha amach anois. Buíochas ó chroí dos na daoine a thugann amach na clúdaigh dúinn. Téann an t-airgead ós na bailiúcháin seo go dtí tuarastal an tsagairt. Táimid ana bhuíoch as bhur gcabhair agus bhur bhflaithiúlacht agus guímid gach beannacht agus rath oraibh agus ar bhur muintir.

Gníomh Tíolactha don Chroí Ró-Naofa

Táimid cruinnithe le chéile in ainm ár dTiarna Íosa Críost agus creidimid go bhfuil sé farainn. Déanaimís sinn féin a thíolacadh don Chroí Ró-Naofa i gcomhar le chéile. A Thiarna Íosa Críost, tháinís chun grá d'Athar a nochtadh dúinn agus a thoil a dhéanamh. Thugais glóir dó le do bheatha agus leis an mbeatha sin a thabhairt uait ar an gcrois. Ofrálaimidne ár mbeabha in éineacht leat le moladh agus buíochas a bhreith leis le lánchroí. A Chroí Íosa, Mac An Athar, síoraí.

Biongó

Beidh Biongó ar mhaithe le hOspidéal Pobail Chorca Dhuibhne, ar siúl Dé Domhnaigh, 22 Samhain ar a 7.00in. Fáilte roimh chách.

Cúrsa Spioradálta na Nollag

Beidh cúrsa spioradálta á eagrú ag Youth 2000 in nDroichead Nua, Co. Chill Dara, do dhaoine óga idir 16-35 bliain d'aois, idir 11-13 Nollaig. Síntiúis amháin, busanna saor in aisce. Gach eolas agus clarú youth2000.ie, @Youth2000Ireland.

Naomh Columbán (Féile 23 Samhain)



Deir Naomh Columbán ina *Instructiones XI (Treoracha Spioradálta)*: *"Má dhéanann an duine úsáid cheart as na buanna sin a thug Dia dá anam, déanfar cosúil le Dia é. Cuimhnímis go gcaithfimid na bronntanais sin go léir a chuir sé ionainn a thabhairt ar ais dó. Mhúin sé an bealach dúinn lena Aitheanta. Deir an chéad cheann díobh linn grá a thabhairt don dTiarna Dia lenár gcroí go léir, mar ghráigh sé ar dtús sinn, ó thús ama, sular thánamar isteach i solas an tsaoil seo fiú".*

Ag labhairt dó ina aitheasc a thug sé sa Róimh ar an 11 Meitheamh 2008 dúirt an Pápa Benedict. 'Choimeád an Naomh Éireannach na briathra seo go fírinneach ina shaol féin. Fear mór cultúir — scríobh sé filíocht sa Laidin agus leabhar gramadaí freisin — bhí sé saibhir i mbronntanais ó Dhia. Thóg sé mainistreacha gan staonadh. Lena fhuinneamh spioradálta, lena chreideamh, lena ghrá do Dhia agus don chomharsa, is duine é d'Aithreacha na hEorpa'(Tá an téacs iomlán ar www.vatican.va).

Mar a scríobh An Cairdinéal Tomás Ó Fiaich ina leabhar Gaelscrínte San Eoraip – Is nasc Naomh Columbán idir náisiúin éagsúla de bharr a shaothair agus a thaistil; is dócha gur ar an ábhar sin a dúirt Robert Schumann faoi: 'Is é Columbán naomhphátrún na ndaoine go léir atá ag iarraidh an Eoraip aontaithe a thógáil. Tá na leabhair Gaelscrínte san Eoraip agus Saint Columbanus Selected Writings, ar fáil ins na séipéil. Praghas speisialta.

Sollúin Chríost Rí

An Pápa Pius XI a bhunaigh an fhéile seo in onóir Chríost Rí sa bhliain 1925 mar fhreagra ar an náisiúnachas agus an dí-eaglaisiú a bhí ag teacht chun cinn ……. Rinneadh í a cheiliúradh i dtosach ar an nDomhnach deireanach de mhí Mheán Fómhair. Sa bhliain 1969 thug an Pápa Pól VI ainm nua don Fhéile: "Sollúin Ár dTiarna Íosa Críost Rí na nUile", agus chinntigh sé dáta nua freisin lena ceiliúradh: Domhnach deireanach bhliain an liotúirge, tráth le machnamh a dhéanamh ar ríocht Dé agus ríocht Chríost ar talamh, mar aon le plean slánaithe Dé don chine daonna ag deireadh an tsaoil. Is ullmhú cuí an fhéile seo chomh maith don Aidbhint, tús bhliain nua an liotúirge.

Móradh duit a Rí na cruinne, maidin Domhnaigh inár ndáil;
móradh duit, a Dhia's a dhuine, moladh's glóire duit go brách.

Biongó Mór na Nollag

Beidh Biongó Mór na Nollag ar mhaithe le Scoil an Fheirtéaraigh ar siúl Dé Céadaoin, 2 Nollaig ar a 7.00in. Crannchur, soláistí agus duaiseanna breátha. Fáilte roimh chách.

Ciste an Pharóiste €1040.00

Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean – **IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).**

Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:

Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie